



# GAN TEORAINN

– focail idir críocha –  
beatriz chivite ezkieta

Aistrithe ag Séamus Mac Conmidhe

**focailleile**  
|||

Co-funded by the  
Creative Europe Programme  
of the European Union



**bestehitzak**  
|||

## Omonia Plaza

Suaimhneas agus luas  
tá an chearnóg clúdaithe  
le plaisteach glas agus scafail

sa scáth  
gan corraí  
colmáin

thart timpeall  
gluaiseann carranna  
deifríonn gluaisrothair  
bípeann tacsaithe buí

sa scáth  
gan corraí  
colmáin

ar an stroighin  
fanann siad  
breathnaíonn siad orm  
breathnaím orthu  
breathnaímid ar a chéile  
suím ag fanacht cosúil leo

sa scáth  
gan corraí  
colmáin

scata leanaí  
a bhfuil bundúchas acu  
ach ní ceann scríbe  
ag imirt cluichí bualadh bos  
sa chúinne

le torann a lámh  
eitlíonn na colmáin ar shiúl  
ach na cinn eile úd  
níl acu

eiteoga.

## Limbónna nó críocha ama

Bhíodh dúil agat a bheith ag léim  
idir na línte bána  
ar thrasriain shíogacha  
leis an mbearna a bhraistint  
idir do chosa.

Shiúltá  
ar dhraenacha  
leis an bhfolús a aireachtáil  
faoi do chosa.

Theastaigh uait  
damhsa  
ar nóiméid reoite

codladh  
i dtámhshuan  
fadchiúnais

guí  
in osna tholgach  
linbh ag caoineadh.

Éalú  
a luaithe  
is a dhúnann an doras  
agus d'anáil  
scoilteann sí ina dhá cuid.

Theastaigh uait nach mbeadh deireadh leis an bpointe ama sin  
a mbriseann an ubh  
go deo

gan teorainn.



Sábháilte

NÍOR mharcáil Beatrix Chivite í féin sábháilte sa tsochaí seo atá fuafar ar  
mhná  
i bpolaitíocht na heite deise san Iarthar  
i ngrá  
i ngéarchéim na dteifeach  
in Uber  
i mbréaga na meán agus gcístín cupa samhnasacha  
i neamhshuim  
i ndífhostaíocht na n-óg sna healaíona  
san fhearthainn

## Baile

Agus mé ag siúl thart  
sa chomharsanacht Shíneach  
tagaim ar chuid de na píosaí

In amhránaíocht  
turasóirí Iodálacha freisin  
tagaim ar bhloghanna de mo bhaile

I ngach comharsanacht  
de chathair mhór  
teastaíonn uaim teacht ar  
sceall de mo  
theallach

Ní theastaíonn dul trasna  
teorainneacha le teacht ar  
bhloghanna uile  
mo bhaile.

## Óid d'oráiste

Is é is oráiste  
bosca stáin folamh  
cróch  
an ghrian ar an ngaineamh  
scáth crainn péitseog  
uaill uaigneach  
spritiz Veinéiseach  
féasóg Éireannaigh  
fuisce agus mil  
na feithidí gafa  
i roisín  
réamhstairiúil.

Is é is oráiste an pointe ama  
tar éis an nóiméid  
is é is oráiste an pléascadh  
is é is oráiste fórsa  
chogarnach  
na bhfocal nár chóir a rá

ba chóir do gach rud  
a bheith díreach oráiste.

## Óid do bán

Tá boladh éadaí  
ag triomú san íoslach,  
boladh do bhéil  
maidineacha  
agus fo-éadaí  
seanmhná rialta  
go léir bán.

Gach focal nár dúradh riamh,  
an taobh istigh de chiorcal,  
an chuimhne ar mo mhamó  
agus tae seasmaine fuar  
go léir bán.

Bán atá mo chíocha  
san earrach,  
an rian a tharraingíonn eitleán  
trasna na spéire,  
litsí gan chraiceann  
agus gruaig mo mhamaí.  
Tá siad seo bán freisin.

Bán atá an salann  
a chlúdaíonn corpáin  
na ndaoine uile  
a fhaigheann bás agus iad ag trasnú  
na Meánmhara.

## Óid do bhuí

Tá duine éigin ag feadaíl  
sa dorchla.

Criogair.  
Agus do shúile nuair  
a dhéanann tú miongháire  
tá siad buí freisin.

Damhsa éadrom  
réalta reatha  
trumpa san fhásach  
agus líreacán reoite liomóide.

Balla d'athar  
tá siad buí.

Cealg foiche.

Screadanna  
cailín trí bliana d'aois  
ag rith timpeall an ghairdín  
tá siad buí.

Fuaim veidhlín  
i scoil fholamh.

Tá leann buí  
tá an t-amhras buí freisin  
leann  
amhras  
leann  
méara tanaí  
smálaithe le pailin  
fiacra  
seanchaiteoir tobac  
agus file.  
Tá an chruithneacht buí freisin.



Bu at  
focail chladhartha  
agus s  
coireanna agus adhaltranais.  
Bu at fstar.

Bu at nead cuaiche  
brollach an pholaiteora.

## Óid do ghorm

Tá filíocht léite  
i gciúnas  
gorm  
Tá cistineacha sa tSlóivéin  
tráthnóna Aibreáin  
gorm,

Tá scáil d'fhéachana  
i bhfuarán  
gorm.  
Laethanta óige  
agus na sméara gorma  
atá i ngreim agat  
i do dhoirn  
tá siad gorm,

An folt bréige is fearr leat.

An solas ag teacht  
isteach san eaglais,  
priontaí Seapánacha,  
gúna línéadaigh,  
glór lomám  
agus linn snámha  
fholamh  
tá siad gorm,

Gorm atá beola reoite  
a chailín a chodlaíonn  
ar urlár cearnóige éigin  
i ndeisceart na hEorpa.

## Óid do dhearg

Tá cuimiltí Laura  
dearg  
mar atá a cosa  
sa samhradh.

Tá goin úr  
dearg.

Dearg atá fíon maith  
agus teasaíocht.

Tá tríú súnás na hoíche  
dearg  
Tá fearg as gan a bheith in ann  
dán maith a scríobh  
dearg.

Dearg atá laethanta deiridh mo mhíostraithe.

Tá na ceartúcháin a rinne tú  
ar mo scríbhinní  
agus ar mo ghlór  
dearg.

Tá mo shúitíní dearg  
mo bhéal cáidheach  
agus m'édach boird.

Tá buille  
ar thábla cruach dearg  
na hurchair a chuala tú  
sa slua  
balla teampaill.  
Tá an Mheánmhuir atá ar maois i bhfuil  
dearg.

Tá an nóiméad  
a bpléascann grán dearg.  
Beimid uile dearg  
nuair a dhúiseoidimid.

## Samhradh

Ó! An oiread sin grianta  
idir na línte seo  
an oiread sin solas caillte  
ar an bpíosá páipéir seo.

## Íomhá

Luigh mé síos ar bhallaí na cathrach  
bhreathnaigh na leanaí orm agus dúirt:

- bhain sí di a bróga
- tá sí ag déanamh bolg le gréin
- tá sí ag dul a bheith dóite
- tá sí ag dul a thitim.

## Míolta

Nuair a bhain mé  
an t-óstán amach  
bhí míolta ar chuid de na leanaí

agus cuireadh thú i gcuimhne dom  
a dheirfiúirín  
agus do thochas síoraí.  
Duitse ní súmairí a bhí iontu  
Ba thionontaí iad.

Choinnigh siad múscailte thú  
agus chuir siad dinglis  
i do smaointe

b'fhéidir nach raibh i do ADHD  
ach póga  
agus meidhir  
do pheataí

cén fáth nach dtaitníonn linn  
cuairteoirí  
a mhúsclaíonn sinn?

## Óid do ghlas

Níl a fhios ag  
cuid ba Koldo  
conas idirdhealú a dhéanamh  
idir an féar  
ar thaobh amháin  
den líne dhofheicthe  
agus an chuid sin ar an taobh eile

tá gach rud glas  
chomh glas sin

glas

fliuch agus beo.

## Nochta

Ar an ardán  
tá gach rud aineoil  
oscailte amach  
os ár gcomhair.



## Grá

Do bhean  
thit sí as an leaba  
aréir

a fhad is a éisteann tú  
le snagcheol i dtábhairne  
cuimlínne tú  
an chos a luíonn  
i d'ucht.

## Cé mhéad aghaidh a fheicimid?

Breathnaigh ar an lánúin thall ansin  
tá siad ina suí i mbialann  
ní bhreathnaíonn siad ar a chéile  
ní labhraíonn siad  
tá siad dubh dóite, agus tá eagla orthu

breathnaigh ar an tseanbhean sin  
ag pógadh  
an tseanmhadra bhoicht sin  
is fuath leis an madra í  
ach níl a fhios aici

breathnaigh ar an dá fhear ramhra sin  
ag ithe dhá uachtar reoite ollmhóra  
tá siad díreach tar éis a bpoist a chailleadh  
tá fearg orthu  
agus tá éad ort mar gheall ar a  
dhá n-uachtar reoite ollmhóra

Cé mhéad aghaidh a fheicimid  
ag caoineadh i gciúnas?  
idir na saolta/na focail ina mairimid.

## Éadroime

Chodlaíteá i mo leaba  
ach bhí saol iomlán dár scaradh  
chodlaíteá i mo leaba  
ach bhí balla dofheicthe  
ag scaradh ár gceannadhairteanna

nuair a d'fhág tú mo leaba  
chuaigh tú isteach i mo dhomhan  
nuair a d'fhág tú mo leaba  
leag éadroime síos  
ár mbacainní.

## Picteilíní

Ar chúl do scáileáin léith  
sin mar a bhfuil blasanna agus cuimiltí  
i bhfolach

eitlíonn siad timpeall an chosmais  
agus nochtann siad  
san íomhá phicteilíneach seo  
sna focail seo ag lódáil  
agus físeáin ag maolánú.

## Sracfhéachaintí briste

Le casúr cruu  
leagann tú an foirgneamh

le focal géar  
tost

le teagmháil chneasta  
eagla

agus le scáileán éadrom  
ár bhféachaint

## Níl aon *Chiara ti amos* ar an mballa

Ó bhí mé i mo leanbh  
tá mé ag léamh na bhfocal  
a líonann na sráideanna

ar dtús  
Léinn iad os ard  
le mo mhamaí  
ansin, i ngan fhios dom féin  
Deirinn iad go ciúin i mo cheann

i ngan fhios, mar a dhúnann do shúile nuair a ligeann tú sraoth  
i ngan fhios, mar thiteann tú i do chodladh sa charr  
i ngan fhios, mar do chroí ag tosú ag rith ag an dioscó  
i ngan fhios

ar bhallaí  
ar chuaille eolais  
ar an talamh  
ar charranna salacha

Farmacia  
Zara  
Busáras  
Independentzia  
Chiara ti amo

Nuair a chuaigh mé amach as an eitleán  
Ní raibh mé in ann  
na focail go léir sin timpeall orm a léamh  
agus go tobann  
bhraith mé  
folamh  
bhí gach rud eile ansin  
ní raibh ach mo chuid focal ar iarraidh

Farmacia  
Zara  
Busáras  
Independentzia  
Chiara ti amo

## Cén áit

Thuirling tú  
ag stáisiún gan ainm

ní raibh ardán ann  
bhí sé i lár gort cruithneachta

Ba thú an t-aon duine a thuirling  
gan aon bhagáiste  
gan mhálaí

ag siúl

i dtreo na háite  
mar a gcodlaíonn an ghrian

## Scoilteanna

Puthaíl agus séideadh  
ag iarraidh aer a chur  
i bhfáinne rubair  
i gcruth lasairéan bándearg

rith suas  
an staighre beo síos

fan le traein  
atá imithe cheana

nó b'fhéidir nár tháinig riamh.

Scríobh le peann  
nach bhfuil dúch fágtha ann

nó b'fhéidir nach raibh dúch ann riamh.

Tabhair barróg do dhomhan  
atá ag titim as a chéile

nó b'fhéidir a bhí riamh as alt.

Léimfidh mé isteach san uisce  
gan d'fháinne rubair  
agus rachaidh mé síos faoin uisce

nó b'fhéidir nach rachaidh

Rachaidh mé síos an staighre  
agus breathnóidh mé suas

domhan  
atá róbhriste  
le bheith ina dhán

atá rócheilte  
le cur síos air.



## Sárú

Trasnaigh  
an líne  
gan líne  
níl aon sárú ann  
gan aon sárú  
níl aon líne ann

síneann  
an teorainn  
isteach ina dhlínse  
gan chríoch

gan deireadh  
teorainn  
ag gluaiseacht

Tá caisleán gainimh  
déanta  
ag cuid leanaí

Greadann an tonn fhiáin  
isteach  
agus treascraíonn  
an t-aineolas

an talamh  
ar a bhfuil caisleán

éiríonn gaineamh fliuch  
crua  
briseann uisce  
an líne  
an teorainn  
idir  
an talamh agus  
an fharraige.

## Conas scríobh?

Níl a fhios agam  
conas  
dánta íorónta a scríobh

Níl a fhios agam  
conas  
dánta rómánsacha a scríobh

Níl a fhios agam  
conas  
dánta iar-nua-aoiseacha a scríobh

Níl a fhios agam  
conas dánta a scríobh

nuair a bhuaileann an réadúlacht  
mé  
Déanaim iarracht mo shúile a dhúnadh  
ach coinním iad oscailte

stánaim agus stánaim  
agus titim i gciúnas

cad is féidir liom a rá?  
cén focail a mhaolódh  
an oiread sin péine?

solas?

## Do chuid 'mé-anna'

Cé sa diabhal  
atá ag iarraidh  
mo ghlór údair a chloisteáil

a rogha féin do chách

ba mhaith liom  
do chuid 'mé-anna' a ghoid

tá mé ag iarraidh go rachaidh mo 'mé'  
as radharc go díreach

ionas nach mbeidh ach do ghlórtha-sa  
ag canadh

mar a dhéanann siad  
gan stad  
stadta  
ach ní ciúin.

## Beatriz

Rinneadh mé  
le thú a threorú  
go parthas

Ní féidir liom ach  
a gheallúint duit  
go gcuirfí mé le báiní thú.

## Óstán

Tá an clog dearg leictreonach  
ar an inneall toitíní  
ag caochadh  
gach soicind lasann sé faoi eagla  
sclábhaí leis an am

tá cuileog ina suí ar  
an inneall sú oráiste  
tá fear ramhar ag breathnú ar a ghuthán  
a fhad is go bhfuil a bhean ag ithe cíobhaí  
le spúnóg phlaisteach.

Tá ceol anaithnid á sheinm  
cumtha d'óstáin anaithnide  
ag daoine anaithnide.

Téann an fear ar ais chun a sheomra  
téann sé isteach sa seomra folctha  
glacann cithfholcadh  
agus caitheann na tuáillí  
ar an urlár  
mura ndéanfadh ní nífeadh siad iad, táim cinnte

braitheann sé  
gaineamh ar an urlár  
idir a ladhracha

dúnann  
doras an tseomra thall

níl an chuileog réidh fós  
caillfidh an tsú oráiste  
a vitimíní go léir

tá an clog fós scanraithe

tá gaineamh idir ladhracha an ama

titeann an chuileog ina codladh ar an gclog  
ní thomhaiseann a uimhreacha am níos mó  
díreach a bhuillí croí siúcra-bháite.

## Don straoiseog gan bhéal

Tá do theanga ag an gcat

ní deir tú focal  
ní dhéanann tú miongháire

níl eagla ort  
níl tú ag caoineadh

níl agat ach súile

cár chaill tú do chanúint?  
cérbh é an focal deiridh  
a chogair tú?  
conas a ghabhann tú ceol duit féin?

## Don tiománaí leoraí

Greamaithe de dhoras  
do leoraí  
tá bean  
i mbicíní bídeach

inniu tá sé te  
agus tá an glae  
ag leá sna cúinní  
i mí Lúnasa  
Ní bheidh sí ann a thuilleadh  
beidh sí ag an trá

inniu tá an 17 Meitheamh ann  
tríú breithlá  
d'iníne  
ach níl aon  
chomhartha  
anseo, san áit seo  
gan ainm

breathnaíonn tú chun tosaigh  
bun na spéire  
- an scian ghéar sin -  
gearrann sé do shúile  
in dhá leath aigéadacha  
cíobhaí.

## Do Abdo

Taispeánfaidh mé mo phas duit  
téann sé in éag in 2019  
agus tá sé dúdhearg

ar an gclúdach  
tá ainm mo thíre  
agus a harmas  
smolchaite le fada  
ach tá sé dúdhearg

tá na leathanaigh stampáilte  
agus ar gach ceann acu  
tá líníocht bhídeach ann  
d'ainmhí imirceach  
nó córas iompair stairiúil  
agus tá sé dúdhearg

breathnaíonn tú air  
agus tugann tú é ar ais

osclaíonn  
mo phas  
níos mó doirse dofheicthe  
ná gáire milis  
d'iníne Vianna;  
mar tá sé dúdhearg.



## 'Tagann Beatrix go gasta chun na hAithne'

Cé mé le fiafraí díot  
cén fáth ar tháinig tú anseo  
cé mé le fiafraí díot  
faoi do chreideamh agus  
faoi do dheirfiúr mharbh

'Is mian liom labhairt faoi ach ní trí theachtaireacht téacs'

Agus le súile seo cailín shoineanta ghil  
agus leis an gcraiceann rósta seo  
a thagann ó bheith ag ól barraíocht beorach faoin ngréin  
agus le dhá leabhar filíochta  
a mbraithim dá mbarr intleachtúil

is 'scríbhneoir cónaitheach' mé

amanna caithim scaif timpeall mo chinn  
agus maím go bhfuil cuma Afganastánach orm  
ach níl, níl  
focain ar ndóigh níl!

tá mé geal  
tá scríofa ar mo chárta aitheantas go bhfuil mé geal  
agus scríobhaim fút

mar braithim go holc  
braithim go holc as a bheith anseo  
gan a fhios agam cad é a dhéanfaidh mé

braithim go holc  
agus déanaim an mheancóg  
a chreidiúint go bhfuil mé in ann  
scríobh  
faoi do focain pian

## Máthair Mhór

tá a laghad sin ar eolas agam fút  
tá a fhios agam gur gruagaire a bhí ionat  
bhí tú níos airde ná do chairde  
laethanta Dé Céadaoin thugta  
seacláid dhubh dhorcha dom

tá a laghad sin ar eolas agam fút  
'txalo-txalo' agus 'sagutxu'  
na focail Bhascaise a bhí agat  
agus ní raibh  
blas cainte faoi leith agat i Spáinnis

tá a laghad sin ar eolas agam fút  
Bhi dúil mhór agam i d'anraith uaineola  
agus fuair mé d'oidhreacht  
do phaisean do scannáin agus d'úrscéalta

tá a laghad sin ar eolas agam fút  
bhí do dhaidí 'chomh hard le caisleán'  
choinnigh sé i ngreim ina lámha thú  
den chéad uair in Bilbao  
timpeall 1943  
ghabh tú eagla  
cérbh é an fear sin?

tá a laghad sin ar eolas agam fút  
in 1936  
nuair nach raibh tú  
ach cúpla mí d'aois  
thóg tusa agus do mhamáí  
bád adhmaid  
chun na Fraince  
d'fhan do dhaidí siar  
cérbh é an fear sin?  
cé a bhí ionat?

A Mhamó, tá a laghad sin ar eolas agam fút.

## Gairdín

Bíonn doirse cúil an ghairdín  
i gcónaí dúnta sa gheimhreadh  
i mbliana mharaigh fungas  
an crann péine, an crann mailpe  
agus an labhandar  
níor tháinig slán ach an crann labhrais

tá an samhradh anseo  
agus tá mo mhamaí  
tar éis na doirse go léir a oscailt

Bíonn an doras tosaigh  
i gcónaí oscailte

má tá aon duine ag iarraidh teacht isteach  
is féidir leo siúl díreach isteach – deir sí  
nach dtiocfaidh siad ach ar leabhair  
agus beidh léitheoireacht maith dóibh.

## Don fhear ón Maifia

Is milliúnaí thú anois  
A chunúis!

San oíche nuair a íslíonn caipíní do shúl  
feiceann tú súile  
á ngreamú féin le mótarbháid phlaisteacha  
sa dorchadas  
ag lorg tíre

ag lorg tíre a dhéanann neamhaird díobh  
i bhfarraige a chorraíonn iad  
i gciúnas  
i gciúnas amháin  
in amanna  
guíonn siad

amárach beidh tú in Punta Cana  
le haghaidh saoire  
atá ag teastáil go géar.

## Microsoft dátheangach

Déantar Agian de Agian

Zurekin – Sure, king

Bakarrik, bakery

Otoitz, otitis

agus ar ndóigh,

Beste hitzak

My Best Hits

## Don aeróstach

Ní amharcann aon duine ort níos mó  
ní éisteann aon duine leat  
an chóiréagrafaíocht  
a mbíodh an-dúil againn ann sna 90aidí  
ní chorraíonn sí sinn a thuilleadh

ní dhéanann tú miongháire linn  
nuair a thagaimid isteach  
ní thugann tú dúinn  
uisce nó uachtar reoite

ní gá duit  
gruaig fhada a bheith agat  
ní gá duit  
aghaidh dhóighiúil go díreach a bheith agat

nó ar a laghad  
Tá súil agam nach gá

## Dífhostaithe ar feadh bliana

Nó leath-dhífhostaithe  
ní fiú dífhostaíocht í  
dhá sheachtain anseo  
seachtain ansin  
ach cén fáth a ndéanann tú gearán  
is maith leat an saol seo agat  
nach maith?

suíonn tú os comhair do ríomhaire  
léann tú ailt íorónta  
agus scríobhann tú ar Facebook messenger.

a fhad is a thugaim mo thuairim  
ar Biennale agus Documenta  
déanaim an macaroni a róchácaireáil  
foc Bea, ba é sin an t-aon rud  
a bhí agat le déanamh inniu.

Tá siad tar éis iompú i rud éigin cosúil le  
rubar  
cosúil le gach rud dá dteagmhaíonn an ghrian  
cosúil le d'inchinn inniu

Ó bhuel, díreach téigh amach agus ceannaigh tuilleadh páipéir leithris  
agus bíodh deoch leanna agat  
sea, deoch leanna.

## Tabhair

Tugann tú fuil

agus cliceálaimid 'like' ar Facebook. Roinn. Agus ansin céard?

tugann sé rís

agus cliceálaimid 'like' ar Facebook. Roinn. Agus ansin céard?

tugann sí gúnaí

agus cliceálaimid 'like' ar Facebook. Roinn. Agus ansin céard?

tugaimid bréagáin

agus cliceálaimid 'like' ar Facebook. Roinn. Agus ansin céard?

tugann siad a gcuid ama

agus cliceálaimid 'like' ar Facebook. Roinn. Agus ansin céard?

agus cliceálaimid 'like' ar Facebook. Roinn. Agus ansin céard?

cé againn a thabharfadh ar shiúl an t-ádh gur rugadh anseo sinn?

agus cliceálaimid 'like' ar Facebook. Roinn. Agus ansin céard?

cé againn a thabharfadh ar shiúl an fheartainn fhionnuar seo?

agus cliceálaimid 'like' ar Facebook. Roinn. Agus ansin céard?

cé againn a thabharfadh ar shiúl ár saol suaimhneach?

agus cliceálaimid 'like' ar Facebook. Roinn. Agus ansin céard?

cé againn a thabharfadh ar shiúl an spéir seo gan drón?

agus cliceálaimid 'like' ar Facebook. Roinn. Agus ansin céard?

cé againn a thabharfadh ar shiúl ár bpribhléid?



## An MheánmhÓ

Ó

aibhneacha fola

Ó

tá an dóchas ag cur fola

Ó

tá croíthe á mbrú

Ó

uisce go díreach

uisce goirt

Ó

an oiread Odaiséasanna

an oiread sin Maoiseanna

Ó

oscail an fharraige

leathnaigh an talamh seo

ionas go bhféadfaimid siúl trasna

## Campaí folmha

Tá duine éigin tar éis scríobh cheana  
faoi champaí díothaithe folmha na Naitsithe  
ina staic in am uafáis.

Tá duine éigin tar éis scríobh cheana  
faoi shráidbhailte folmha Shearnóbail  
ina staic i ndeireadh an domhain.

Níor scríobhamar go leor fós  
faoi Meánmhuir seo  
a tránna lán le plaisteach  
smugairlí róin agus seaicéid tarrthála.

Níor scríobhamar go leor fós  
faoi na páirceanna fálaithe Eorpacha  
líonta le pubaill agus sreang dheilgneach

nó faoi na béiríní sreinge, cadás, tart agus dóchas cailte.

## Madra teorann

'Hola guapa,  
ní seo tusa  
tá tú níos áille ná mar atá sa ghrianghraf'

caochann tú orm

breathnaíonn tú  
orm amháin  
mo ghrianghraf  
agus mo chíochoa  
'buen viaje'

taistealaím  
duitse is 'easaoránach' mé

bhí mo mhamó  
ina 'deoraí'  
mo chara  
ina 'teifeach'  
mo chomharsa  
ina 'imirceach'

focail, díreach focail  
ná fiafraigh dínn cad é sinne  
fiafraigh dínn cé sinne.

## Óid do dhubh

Níl oícheanta dubh  
tá siad dúghorm  
agus in amanna  
ócair

tá gach lá  
gan focail  
dubh

tá maidineacha gan torthaí  
dubh  
mar atá mic imrisc  
agus bealaí isteach i dtolláin.

Tá peitriliam dubh  
focain peitriliam  
tá tránna smálaithe dubh  
tá reiligí bonn carranna freisin  
dubh.

Tá dróin dubh  
tá toit phléasctha  
dubh  
tá scáileáin a bhreathnaíonn orainn  
dubh.

Tá an neamhnitheacht agus an éigríoch  
dubh  
tá eagla dubh  
agus pian atá chomh domhain le  
do mhac imrisc sa dorchadas  
dubh.

## Maribor, an Eoraip

Suím i gcearnóg  
Eorpach  
maidin shamhraidh

Ordaím  
latte  
agus croissant seacláide  
seinneann gíofóga 'besame mucho'  
agus 'Les Champs Elysses'  
ar a gcairdíní

dílódálann na seachadóirí a leoraithe  
caitheann an freastalaí toitín taobh leis an doras

socraíonn turasóirí cad é a dhéanfaidh siad  
giobann gealbhain mo thábla

tá mic léinn lena málaí droma móra  
ag caint faoina ndeireadh seachtaine

scríobhann mo dheirfiúr chugam ar whatsapp  
labhraímid faoi ghrá leachtach Bauman

A Eoraip, a Eoraip liom, sean agus aimnéise ort  
tá aghaidh mháthar m'athar ar an Eoraip  
is seanbhean thuirseach í an Eoraip

tháinig sí trí chogaí agus trí chóisirí fiánta  
d'éirigh lé cóta fionnaidh a cheannach di féin  
agus anois tá sí ag ligean a scíthe ar a tolg donn

tá an Eoraip ag maireachtáil faoi eagla  
ach ní heol di  
céard a chuireann eagla uirthi  
tá sí sean, sean go díreach

nuair a gheobhaidh sí bás  
cé a shuífidh ar a tolg?  
cé a gheobhaidh a cóta fionnaidh le hoidhreacht?  
cé atá ag iarraidh seanchóta fionnaidh anois cibé?

I.

trasnaíonn an chraobh ghlas  
an teorainn  
cén áit is cóir do na plumaí  
a bheith ann?

II.

Ní raibh a fhios ag an bhfia  
cad iad spící  
go dtí gur rugadh uirthi  
áit éigin gar do Bodova

fuair fianna bás freisin  
mar ní raibh  
pasanna Eorpacha acu.

III.

trasnaíonn tú líne  
agus go tobann  
tá tú saor

mar a bhí agus tú i do pháiste  
i gcluichí  
a bhain tú



## Schengen

Uair amháin, uair amháin  
bhíomar sa tír chéanna  
uair amháin ní raibh aon difear eadrainn  
uair amháin ba shiblínní sinn  
uair amháin d'ólamar an bainne céanna  
uair amháin léamar na leabhair chéanna

níl an uair amháin sin chomh fada sin ar shiúl

ansin scaramar ó chéile  
chuireamar béim ar ár ndifríochtaí  
ní uaidh sin atá mé  
ní uaidh seo atá tú  
cad é 'sin'?  
cad é 'seo'?

## Sentilj

Is crosbhealach é Sentilj  
tá ocras orm  
treoraíonn siad mé  
go pizzeria gar don bhóthar

tá súil leisciúil ag an bhfreastalaí  
Tá popcheol Balcánach á sheinm ar an raidió  
tá buidéal ollmhór ceitsip ina shuí ar an tábla

tá cúpla lanúin ag caitheamh mionsciortaí  
a gcráiceann clúdaithe le tatúnna gránna

drúthlann darb ainm Yucatan  
limisín bán ar cíos  
páirceáilte taobh amuigh

ollmhargadh saorchonartha  
agus adhmaid tine  
carntha taobh amuigh de gach teach

carranna le huimhirphlátaí na hOstaire  
stáisiúin pheitril agus bóithre ag dul i dtreo na gcnoc

an samhradh atá ann  
ach braitheann sé fuar

Domhnach leadránach atá ann  
boladh adhmaid giúise

breathnaíonn na lánúineacha ar a ngutháin  
cuireann cailín amháin méar ar a  
fáinne bréagach óir ábhalmhór  
tá an duine eile acu ag súgradh  
leis an bhfáinne atá pollta trína himleacán

ar an taobh eile den bhóthar  
ionad dáileachán darb ainm Paloma  
tagann agus imíonn leoraithe lán ispíní

os comhair ionad bainte gruaige léasair.

## Ar an taobh eile

Tá an dán seo  
idir dhá shaol  
idir tuaisceart agus deisceart

tá an dán seo  
ar crochadh ar spící  
sreinge deilgní

fanann sé ar an bhfál  
codlaíonn sé ar stroighin  
an bhalla  
is ann is cóir dó a bheith  
ar an imeall

tá an dán seo lán  
éiginnteachta  
tá an t-aineolas romhainn  
an t-eolas inár ndiaidh fós

is liomsa an dán seo  
ach is leatsa freisin é

níl sa dán seo  
ach ardán  
ónar féidir léim  
go dtí an taobh eile

gan fhios céard, nó cé, nó cén áit nó cén uair atá an taobh eile  
dúnaimid ár súile  
agus léimimid  
isteach san aineolas

## Rialtóir traenach

Tá sé ag caitheamh  
bríste gorm  
agus caipín dearg  
tá a chraiceann griandaite  
a shúile glas

fanann sé ag stáisiún  
le ballaí bándearga  
agus bláthanna sna fuinneoga  
i mbaile bídeach Slóivéineach

nuair a thagann an traein isteach  
ardaíonn sé a bhratach  
nuair a imíonn an traein  
déanann sé an rud céanna

fanann sé  
ag an stáisiún  
ag breathnú  
ina sheasamh fós.

## Don teanga Bhéarla

Labhraím do theanga  
ach ní ann is cóir dom a bheith  
níl ionam ach turasóir i do chuidse focal  
gléasaim d'fhuaimeanna  
le speiceas ó i bhfad i gcéin  
tá mo R láidiR  
an ghrian ag éiRí  
spraeálaim uisce ar d'fhoclóir  
le sú ó chéimeanna  
m'ama a chuaigh thar

## Scátháin

Ní theastaíonn uaim scríobh fút  
Is fearr a déarfá é

ní theastaíonn uaim do phortráid a dhéanamh  
teastaíonn uaim d'fhéinphortráid.

## Teaghlach ostraisí ar an mbealach

Siúlaim go mall, costarnocht ar an mórbhealach  
níl aon duine ag fanacht liom  
ní anois  
ní a thuilleadh  
ní fós  
ag an teorainn ní iarrann siad orm mo phas  
teaghlach ostraisí go díreach a bhreathnaíonn orm dul thar bráid

níl aon phéas ann  
tá na fáлта ann  
anois  
cheana  
fós  
níl aon duine ag tabhairt aire dóibh  
níl aon duine á dtabhairt ar shiúl

d'fhág duine éigin a léine ar fhál sreinge

de thimpiste téim trasna isteach san Ostair

Tá ceamaraí slándála  
ag rialú  
suaimhnis

tá boladh plaistigh theo  
ó phubaill fholmha

samhlaím iad  
lán leanaí  
ag tabhairt barróige  
dá dtuismitheoirí

anois tá siad  
folamh  
tá na barróga tar éis  
an teorainn a thrasnú freisin

ní dhéanann ceamaraí slándála  
aon ní a thaifeadadh  
ach suaimhneas.